



**Breithiúnas ón gCúirt Ghinearálta (an tOchtú Dlísheomra) an 26 Deireadh Fómhair 2022 –
Siremar v an Coimisiún**

(Cás T-668/21)¹

(Státchabhair – Iompar muirí – Cúnamh tarrthála – Cinneadh lena ndearbhaítear go bhfuil an chabhair neamhdhleathach – Cinneadh lena ndearbhaítear go bhfuil an chabhair ag luí go páirteach agus nach bhfuil ag luí go páirteach leis an margadh inmheánach agus lena n-ordaítear go ndéanfaí a aisghabháil – Seirbhís lena ngabhann leas eacnamaíoch ginearálta – Oibleagáid phlean athstruchtúraithe nó leachtaithe a thíolacadh – Teorainn ama sé mhí – Síneadh – Díolúine ó cháin – Téarmaí fabhracha – Éifeacht trádála idir na Ballstáit – Damáiste don iomaíocht – Fad an nós imeachta – Iontaobhas dlisteanach – Slándáil dhlíthiúil – Prionsabal an dea-riaracháin)

Státchabhair – Toirmeasc – Maoluithe – Cabhair a d'fhéadfaí a mheas a bheith ag luí leis an margadh inmheánach – Cabhair chun teacht i gcabhair ar ghnóthais atá i gcruachás – Treoirlínte maidir le Státchabhair chun teacht i gcabhair ar ghnóthais atá i gcruachás agus athstruchtúir a dhéanamh orthu – Coinníollacha chun teacht i gcabhair – Oibleagáid phlean athstruchtúircháin nó leachtaithe a thíolacadh laistigh de shé mhí ó údarú na cabhrach

(Fógra ón gCoimisiún 2004/C 244/02, míreanna 15, 25 agus 26)

(féach míreanna 30-38, 42, 43)

Státchabhair – Toirmeasc – Maoluithe – Rogha an Choimisiúin – Treoirlínte a ghlacadh lena rialaítear an scrúdú ar chomhoiriúnacht na cabhrach leis an margadh inmheánach – Iarmhairtí – Féin-theorannú ar a rogha féin – Oibleagáid phrionsabail na córa comhionainne agus an chosaint ar ionchais dhlisteanacha a urramú

(Fógra ón gCoimisiún 2004/C 244/02)

(féach míreanna 39, 40)

Státchabhair – Coincheap – Buntáiste a dheonú do na tairbhíthe – Cruthúnas go bhfuil buntáiste ann don Choimisiún – Dáta ábhartha chun críocha measúnú a dhéanamh ar bhuntáiste a bheith ann – Dáta an ghnímh atá ceangailteach ó thaobh dlí atá ina cheangal ar an údarás inniúil an chabhair a dheonú – Cabhair nach féidir a theacht chun cinn ach amháin nuair a tharlaíonn teagmhais éiginnte amach anseo – Gan tionchar

(Airteagal 107(1) CFAE)

(féach míreanna 55-61)

¹ IO C 2, 3.1.2022.

Státchabhair – Cinneadh ón gCoimisiún nach bhfuil an chabhair ag luí leis an margadh inmheánach agus ag ordú a haisíocaíocht – Deis don Choimisiún é a fhágáil faoi na húdaráis náisiúnta an méid beacht atá le haisghabháil a ríomh – Oibleagáid ar an gCoimisiún modh ríofa a sholáthar – Oibleagáid ar na húdaráis náisiúnta na heilimintí ábhartha uile a dtabharfar dá n-aird a chur san áireamh, lena n-áirítear na malartuithe idir iad agus an Coimisiún

(Airteagal 108(2) CFAE)

(féach míreanna 62, 64-68)

Státchabhair – Cinneadh ón gCoimisiún nach bhfuil an chabhair ag luí leis an margadh inmheánach agus ag ordú a haisíocaíocht – Deacrachtaí cur chun feidhme – Oibleagáid ar an gCoimisiún agus ar an mBallstát comhoibriú le chéile chun teacht ar réiteach a urramaíonn an Conradh

(Airteagal 4(3) CAE; Airteagal 108(2) CFAE)

(féach mír 63)

Státchabhair – Éifeacht ar thrádáil idir Ballstáit – Dochar don iomaíocht – Critéir mheasúnaithe – Cabhair a d'fhéadfadh difear a dhéanamh don trádáil sin agus iomaíocht a shaobhadh – Coincheap

(Airteagal 107(1) CFAE)

(féach míreanna 71-75)

Státchabhair – Éifeacht ar thrádáil idir Ballstáit – Dochar don iomaíocht – Critéir mheasúnaithe – Cabhair a chuireann ar chumas gnóthais atá i gcruachás fanacht ar an margadh – Cabhair a d'fhéadfadh coinníollacha iomaíochta a shaobhadh

(Airteagal 107(1) CFAE)

(féach míreanna 76-78)

Státchabhair – Cabhair neamhdhleathach a aisghabháil – Oibleagáid – Tairbhíthe i gcruachás nó i bhféimheacht – Gan tionchar

(Airteagal 108(2) CFAE)

(féach mír 80)

Státchabhair – Cabhair neamhdhleathach a aisghabháil – Cabhair arna deonú de shárú ar rialacha nós imeachta Airteagal 108 CFAE – Ionchas dlisteanach a d'fhéadfadh a bheith ag na tairbhíthe – Neamhláithreacht ach amháin i gcúinsí eisceachtúla – Ionchas dlisteanach a eascraíonn as fad iomarcach an nós imeachta riaracháin – Oibleagáid ar an gCoimisiún cinneadh a thabhairt laistigh de thréimhse réasúnta ama – Measúnú in concreto

(Airteagal 108 CFAE; Rialachán 2015/1589 ón gComhairle, Airteagail 15(2) agus 16(1) agus (2))

(féach míreanna 89-118, 123-128)

Státchabhair – Coincheap – Measúnú faoi chuimsiú Airteagal 107(1) CFAE amháin – Ag cur cleachtas roimhe sin san áireamh – Eisiámh

(Airteagal 107(1) CFAE)

(féach míreanna 121, 122, 134)

An chuid oibríochtúil

Diúltaítear don chaingean.

Ordaítear do Sicilia Regionale Marittima SpA – Siremar na costais a íoc.